Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2019
(OR. en)

9765/19

SAN 277
AGRI 276
VETER 30
PHARM 29

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | **Seisiúnna Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóiríar an14Meitheamh 2019**<br>Conclúidí maidir leis na chéad chéimeanna eile i dtreo an tAontas a bheith ina réigiún dea-chleachtais i ndáil leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac<br>- *Glacadh* |

1. Ar an 26 Márta 2019, thíolaic an Uachtaránacht sraith de chonclúidí ón gComhairle[1] don Mheitheal um Shláinte Phoiblí.

2. Scrúdaigh an Mheitheal na dréachtchonclúidí ón gComhairle i dhá chruinniú agus tháinig sí ar chomhaontú sealadach i ndiaidh comhairliúcháin neamhfhoirmiúla maidir le téacs a d'ullmhaigh an Uachtaránacht.

3. Ar an 24 Bealtaine 2019, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe na dréachtchonclúidí a chomhaontaigh an Mheitheal[2][3] go sealadach agus chinn sé iad a thíolacadh chuig an gComhairle (EPSCO) le go nglacfar iad ag an seisiún a bheidh ann ar an 14 Meitheamh 2019.

[1] 7471/19
[2] 9274/19
[3] Tugadh sainordú don uachtaránacht dhá thagairt i bpointe 7 a thabhairt i gcrích.

4. Iarrtar ar an gComhairle an méid a leanas a dhéanamh:

– conclúidí a ghlacadh mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo agus

– cinneadh a dhéanamh iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis na chéad chéimeanna eile i dtreo an tAontas a bheith ina réigiún dea-chleachtais i ndáil leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:**

1. **MEABHRAÍONN SÍ** gur bagairt thromchúiseach sláinte trasteorann í an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR) nach bhféadfaidh Ballstát aonair a réiteach leis féin agus go bhfuil níos mó i gceist ná díreach an t-aon réigiún geografach amháin nó an t-aon Bhallstát amháin agus go gcaithfidh na Ballstáit, dá bhrí sin, oibriú i ndlúthchomhar lena chéile, mar atá luaite i gCinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte[4].

2. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IMNÍ MHÓR UIRTHI** gurb amhlaidh, de réir na sonraí oifigiúla, go bhféadfadh sé go mbeadh AMR ina chúis le bás 700 000 duine[5][6] ar fud an domhain gach bliain, agus 33 000[7][8] ina measc a fhaigheann bás mar thoradh ar ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach san Aontas Eorpach/LEE. Thairis sin, in éagmais beartais chun nach leathfar é a thuilleadh, meastar go mbeidh AMR ina chúis le bás na milliún duine ar fud an domhain.

3. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IMNÍ MHÓR UIRTHI** go bhfuil eitinn (TB) atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí agus eitinn (TB) atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí (DR-TB) ina gcúis le tuairim is 29 % de na básanna a bhíonn ann ar fud an domhain de dheasca ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha[9].

4. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IMNÍ MHÓR UIRTHI** go meastar, de réir na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD), mura gcuirtear aon ghníomhaíocht éifeachtach i bhfeidhm agus má leanann rátaí AMR na treochtaí réamh-mheasta, go gcaithfear suas le EUR 1.1 billiún in aghaidh na bliana idir 2015 agus 2050 i ngeall ar AMR i dtíortha an Aontais agus i dtíortha LEE[10].

---

4 IO L 293, 5.11.2013, lch. 1.
5 Feasachán na hEagraíochta Domhanda Sláinte 2016;94:638-639
6 An t-athbhreithniú ar an bhFrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha faoi chathaoirleacht Jim O'Neill: "*Tackling drug-resistant infections globally*" [Ag dul i ngleic le hionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha], an tuarascáil deiridh agus moltaí, Bealtaine 2016
7 *The Lancet, Infectious Diseases* [Galair Thógálacha], Imleabhar 19, Eagrán 1, Eanáir 2019
8 An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, alt ar 6 Samhain 2018
9 TB Alliance, *"Drug resistance - a response to antimicrobial resistance including tackling TB"* ['Frithsheasmhacht in aghaidh drugaí - freagairt ar an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha lena n-áirítear dul i ngleic leis an eitinn]
10 OECD, *Antimicrobial Resistance - Tackling the Burden in the European Union* [Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha - Ag dul i ngleic leis an bhfadhb san Aontas Eorpach], 2019

5. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IMNÍ MHÓR UIRTHI** go mbaineann 75 % d'ualaigh na ngalar ó ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach san Aontas, go mbaineann sé go díreach le hionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte (HAIanna)[11].

6. **AITHNÍONN SÍ** go mbaintear an iomarca úsáide fós as ábhair fhrithmhiocróbacha san Aontas ina iomláine agus **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** nach mar a chéile a úsáideann na Ballstáit ábhair fhrithmhiocróbacha.

7. **AITHNÍONN SÍ** go bhfuil AMR ina ábhar imní sláinte phoiblí don domhain uile, gur mó an tionchar a bhíonn aige ná na hiarmhairtí tromchúiseacha ar shláinte an duine agus ar shláinte ainmhithe, toisc go mbíonn tionchar aige freisin ar an gcomhshaol agus ar tháirgeadh bia agus, dá bhrí sin, ar an bhfás eacnamaíoch. Thairis sin, bíonn tionchar mór ag AMR ar an deis chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.

   **IS DÍOL SÁSAIMH DI**, dá bhrí sin, na tionscnaimh idirnáisiúnta iomadúla a bhfuil sé mar aidhm leo AMR a chomhrac, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

   - an Plean Gníomhaíochta Domhanda (GAP) maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha[12] a d'fhorbair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) le rannchuidiú ón Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) agus ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE), agus a glacadh d'aon toil i mí Bhealtaine 2015 ag an 68ú Comhthionól Domhanda Sláinte;
   - an dearbhú polaitiúil ón gcruinniú ardleibhéil a bhí ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le AMR ar an 21 Meán Fómhair 2016[13], lena bhfuil sé mar aidhm bagairt dhomhanda AMR a chomhrac agus lena ndearbhaítear go bhfuil gá le cur chuige "Aon Sláinte Amháin", chomh maith le:
     = obair an Ghrúpa Comhordaithe Idirghníomhaireachta de chuid na Náisiún Aontaithe ar AMR (IACG), a bhfuil sraith moltaí mar thoradh uirthi a leagtar amach sa tuarascáil *No time to wait: Securing the future from drug-resistant infections*[14] [Ní féidir luí ar na maidí: an todhchaí a chosaint ar ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí] agus a cuireadh faoi bhráid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe;
     = an tuarascáil[15] a d'eisigh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ar an 10 Bealtaine 2019 i ndáil le cur chun feidhme an dearbhaithe pholaitiúil maidir le AMR ón 21 Meán Fómhair 2016 agus i ndáil leis na moltaí a tháinig ón IACG;

---

11 *The Lancet, Infectious diseases* [Galair thógálacha], Imleabhar 19, Eagrán 1, Eanáir 2019

12 WHO, An Plean Gníomhaíochta Domhanda (GAP) maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha, A68/A/CONF./1 Rev.1 Mír cláir oibre 15.1, 25 Bealtaine 2015

13 NA, Comhthionól Ginearálta, Dearbhú Polaitiúil ón gcruinniú ardleibhéil maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, 21 Meán Fómhair 2016

14 Tuarascáil IACG - *No time to wait:Securing the future from Drug-resistant infections* [Ní féidir luí ar na maidí: an todhchaí a chosaint ar ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí], Aibreán 2019

15 Obair leantach ar an dearbhú polaitiúil ón gcruinniú ardleibhéil maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha - Tuarascáil ón Ard-Rúnaí, 10 Bealtaine 2019

- an rún ó Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA) ó mhí na Nollag 2017[16] maidir leis an gComhshaol agus Sláinte, ina luaitear go bhfuil sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí agus an comhshaol idirnasctha agus ina gcuirtear i bhfios go láidir gur gá tuiscint níos fearr a fháil ar ról an truaillithe comhshaoil i bhforbairt na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha;
- obair an Mhoil Dhomhanda um T&F AMR;
- an Chomhpháirtíocht Dhomhanda um Thaighde agus Forbairt Antaibheathach (GARDP)[17];
- An Rún ó EDS faoi AMR, a glacadh ag an gComhthionól Domhanda Sláinte ar an 24 Bealtaine 2019[18];
- an Lárionad Idirnáisiúnta um Réitigh maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha (ICARS)[19]. Is mol neamhspleách domhanda eolais é ICARS agus tá sé dírithe ar réitigh atá bunaithe ar fhianaise a shainaithint agus ar na réitigh sin a chur chun feidhme, ar réitigh ar dhúshláin a bhaineann le AMR i dtíortha íseal-ioncaim agus meán-ioncaim iad;

8. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go bhfuil AMR ina shaincheist anois a phléitear i mórán fóram éagsúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear sa G7[20] agus sa G20[21].

9. **MEABHRAÍONN SÍ** plean gníomhaíochta domhanda 2015 maidir le AMR inar iarr an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ar a Ballstáit uile pleananna gníomhaíochta náisiúnta a chur i bhfeidhm in aghaidh AMR faoi 2017.

10. **TUGANN SÍ DA hAIRE** an obair atá atá á dhéanamh faoi láthair ag OECD agus **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an tuarascáil a thíolaic sé le déanaí ina léirítear go bhféadfadh an t-infheistiú in idirghabhálacha sláinte poiblí an t-ualach atá ar an tsochaí mar thoradh ar AMR a laghdú go suntasach[22].

---

16 Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe maidir le Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, Nairobi, 4-6 Nollaig 2017
17 an Chomhpháirtíocht Dhomhanda um Thaighde agus Forbairt Antaibheathach
18 Dréacht-téacs den Rún ón EDS faoi AMR
19 an Lárionad Idirnáisiúnta um Réitigh maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha
20 Dearbhú ó Airí Sláinte G7, Beirlín 8 - 9 Deireadh Fómhair 2015
21 Dearbhú Bheirlín ó Airí Sláinte G20 *Together Today for a Healthy Tomorrow* [Le chéile inniu chun go mbeidh an tsláinte againn amárach] 2017
22 OECD, faisnéis bheartais:*Stemming the Superbug Tide* [An lámh in uachtar a fháil ar theacht chun cinn na dtarbhfhrídí], 2018

11. **MEABHRAÍONN SÍ** go bhforáiltear le hAirteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go gcomhlánóidh gníomhaíocht an Aontais beartais náisiúnta agus go bhfolóidh sí an comhrac in aghaidh na móraicidí agus seoladh agus cosc na n-aicídí sin chomh maith le faisnéis agus oideachas sláinte, agus faireachán a dhéanamh ar mhórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte agus iad a chomhrac. Cuirtear de cheangal freisin go dtaobhóidh an tAontas leis an gcomhar idir na Ballstáit agus leis an gcomhar le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta is inniúil maidir leis an tsláinte poiblí.

12. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle an 17 Meitheamh 2016 maidir leis na chéad chéimeanna eile faoi chur chuige 'Aon Sláinte Amháin' chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac[23] agus na tagairtí sonracha atá iontu don Mholadh ón gComhairle an 15 Samhain 2001 maidir le húsáid stuama oibreán frithmhiocróbach i leigheas an duine[24], an Moladh ón gComhairle an 9 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht othar, lena n-áirítear ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc agus a rialú[25], agus na conclúidí ón gComhairle an 1 Nollaig 2014 maidir le sábháilteacht othar agus cáilíocht an chúraim, lena n-áirítear ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc agus a rialú agus an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha[26].

13. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an foilseachán ón gCoimisiún ón 29 Meitheamh 2017 'Plean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin' i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha'[27] agus na gníomhaíochtaí a liostaítear inti chun AMR a chomhrac agus **TACAÍONN SÍ LEIS AN RÚN** go mbeadh an tAontas ina réigiún dea-chleachtais ina leith sin.

14. **TUGANN SÍ AIRD AR** an ról atá ag an vacsaíniú chun an t-ionfhabhtú a chosc, ar an Moladh a ghlac an Chomhairle le déanaí maidir le comhar neartaithe i gcoinne galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú agus gurb amhlaidh a thugtar suntas, sa Phlean Gníomhaíochta 'Aon Sláinte Amháin' maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, ar plean an Choimisiúin é, gur gá tacú le taighde agus forbairt ar vacsaíní nua do phaitigíní a bhaineann le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha[28].

---

[23] IO C 269, 23.7.2016, lch. 26.
[24] IO L 34, 5.2.2002, lgh. 13-16.
[25] IO C 151, 3.7.2009, lch. 1.
[26] IO C 438, 6.12.2014, lch. 7.
[27] COM (2017) 339 final an 29.6.2017
[28] IO C 466, 28.12.2018, lch. 1.

15. **MEABHRAÍONN SÍ an** rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2018 maidir le Plean Gníomhaíochta Eorpach Aon Sláinte Amháin i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha[29].

16. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa Chomhshaol[30].

17. **TUGANN SÍ AIRD AR** shrianta dlí a bheith bunaithe ag an Aontas chun nach mí-úsáidfear ábhair fhrithmhiocróbacha in ainmhithe. Ó 2006 i leith, tá toirmeasc ar úsáid antaibheathach mar bhreiseáin bheatha chun fás a spreagadh[31]. Le Rialachán (AE) 2019/6 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta[32] a glacadh le déanaí agus le Rialachán (AE) Uimh. 2019/4 maidir le beatha íocleasaithe[33], cuirtear cosc ar tháirgí íocshláinte tréidliachta frithmhiocróbacha a úsáid chun an fás a spreagadh nó chun an táirgeacht a mhéadú[34], ar úsáid choisctheach táirgí íocshláinte tréidliachta frithmhiocróbacha trí bheatha íocleasaithe[35] agus ar úsáid choisctheach antaibheathach tréidliachta i ngrúpaí ainmhithe[36]. Déantar foráil freisin, sa Rialachán maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta, maidir le srianta ar úsáid mheitifiolacsach táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha, agus tá forálacha ann lena bhféadfaí ábhair áirithe fhrithmhiocróbacha chriticiúla a fhorchoimeád, bunaithe ar chritéir shonracha, lena n-úsáid ag an duine agus aige siúd amháin, chun go gcaomhnófar níos fearr a éifeachtaí atá siad[37], chomh maith le hoibleagáidí ar na Ballstáit sonraí a bhailiú maidir le díolacháin agus úsáid ábhair fhrithmhiocróbacha in ainmhithe.

18. **IS DÍOL SASAIMH DI** an comhar feabhsaithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún trí Líonra AMR an Aontais um Aon Sláinte Amháin[38] a bunaíodh in 2017 agus **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** a thábhachtaí atá na cruinnithe rialta a bhíonn ag an Líonra mar chuid de chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le AMR.

---

29 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2018 maidir le Plean Gníomhaíochta Eorpach Aon Sláinte Amháin i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha (AMR) (2017/2254(INI))

30 COM(2019) 128 final an 11 Márta 2019

31 Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe (IO L 268, 18.10.2003, lch. 36)

32 IO L 4, 7.1.2019, lgh. 43-167.

33 IO L 4, 7.1.2019, lgh. 1-23.

34 Airteagal 107 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/6 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta (IO L 4, 7.1.2003, lch. 104)

35 Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/4 maidir le beatha íocleasaithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid (IO L 4, 7.1.2019, lch. 12)

36 Airteagal 107 de Rialachán (AE) 2019/6 (IO L 4, 7.1.2019, lch. 104)

37 Airteagail 37 agus 107 de Rialachán (AE) 2019/6 (IO L 4, 7.1.2019, lch. 72 agus 104)

38 *European Commission - EU Action on Antimicrobial Resistance* [An Coimisiún Eorpach - Gníomhaíocht an Aontais maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha]

19. **AITHNÍONN SÍ** na torthaí atá san Anailís Chomhpháirteach Idirghníomhaireachta ar Thomhailt agus Frithsheasmhacht in aghaidh Frithmhiocróbán maidir le AMR[39], a d'fhoilsigh an Lárionaid Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) i dteannta a chéile, **TUGANN SÍ AIRD AR** bhunús dlí do na gníomhaíochtaí sin a bheith tugtha isteach i Rialachán (CE) Uimh. 726/2004[40] le Rialachán (AE) 2019/5[41] a glacadh le déanaí.

20. **CUIREANN SÉ I bhFÁTH** go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh comhar níos mó ann idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún agus leis an tionscal cógaisíochta chun dul i ngleic le hinfhaighteacht neamhleor ábhar frithmhiocróbach, cé acu atá easpa soláthair thosaigh, aistarraingtí ábhar frithmhiocróbach ón margadh nó fadhbanna eile soláthair ina chúis leis sin, rud a d'fhágfadh go bhféadfadh ganntanas ábhar frithmhiocróbach a bheith ann agus nach leor é an teiripe a bheadh ann ina ionad.

21. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IMNÍ MHÓR UIRTHI** mainneachtain an mhargaidh maidir le hantaibheathaigh a fhorbairt agus **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur gá gníomhaíocht a dhéanamh go práinneach chun forbairt ábhar nua frithmhiocróbach, teiripí malartacha agus diagnóisic mhear, nua-aimseartha a spreagadh, lena n-áirítear modhanna le haghaidh tástáil inghlacthachta ábhar frithmhiocróbach. Tá gá le comhordú agus comhar an Aontais agus ar bhonn domhanda maidir le cláir thaighde agus dreasachtaí taighde, agus **AITHNÍONN** an Chomhairle, *inter alia*, moltaí agus gníomhaíochtaí na foirne atá i mbun Athbhreithniú ar an bhFrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha[42], an Tuarascáil maidir le 'Briseadh tríd an mBalla[43]' agus Tionscnamh an Chlársceidealaithe Chomhpháirtigh maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha[44].

22. **CUIREANN SÍ I bhFÁTH** go bhfuiltear, chun go mbeidh rath ar an gcomhrac domhanda i gcoinne AMR, ag brath ar thiomantas agus ar thoil na rialtas gníomhú chun a áirithiú go gcuirfear na tionscnaimh faoin gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin' chun feidhme i gcomhréir leis na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta (NAPanna), agus, ar an gcaoi sin, go mbeadh na hearnálacha uile rannpháirteach, agus go bhféadfaí an comhrac i gcoinne AMR a spreagadh tuilleadh tríd an gcomhar idir Institiúidí an Aontais agus na Ballstáit i bhfóraim idirnáisiúnta agus tríd an gcomhoibriú réigiúnach, déthaobhach.

---

39 EMA - *Analysis of antimicrobial consumption and resistance* [Anailís ar Thomhailt agus Frithsheasmhacht in aghaidh Frithmhiocróbán] (Tuarascálacha 'JIACRA' ó 2011 agus ó 2013)

40 IO L 136, 30.04.2004, lch. 1.

41 IO L 4, 7.1.2019, lch. 24.

42 An t-athbhreithniú ar an bhFrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha faoi chathaoirleacht Jim O'Neill: "*Tackling drug-resistant infections globally*" [Ag dul i ngleic le hionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha], an tuarascáil deiridh agus moltaí, Bealtaine 2016

43 An Aireacht Cónaidhme Sláinte, *BCG the Boston Consulting Group "Breaking through the Wall" - A Call for Concerted Action on Antibiotics Research and Development* [Ag Briseadh tríd an mBalla: Glao ar Ghníomhaíocht Chomhbheartaithe maidir le Taighde agus Forbairt ar Antaibheathaigh]

44 Tionscnamh an Chlársceidealaithe Chomhpháirtigh maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha

23. **CUIREANN SÍ I bhFÁTH** a thábhachtaí atá an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha agus maidir le hIonfhabhtuithe a bhaineann le Cúram Sláinte (JAMRAI)[45] agus IS DÍOL SÁSAIMH DI obair na gníomhaíochta sin, lena n-áirítear an obair ar bheartais i ndáil le HAI a chosc agus i ndáil le maoirseacht maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha agus maidir le cur chun feidhme na mbeartas sin.

24. **MEABHRAÍONN SÍ** an chomhdháil faoi 'Na chéad chéimeanna eile i dtreo an tAontas a bheith ina réigiún dea-chleachtais chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac trí chur chuige 'Aon Sláinte Amháin', a tionóladh i mBúcairist ar an 1 Márta 2019 agus a d'eagraigh Uachtaránacht na Rómáine, inar díríodh ar thrí phríomhchuspóir:

    (1) cáilíocht na mbeart coiscthe agus rialaithe ionfhabhtuithe a fheabhsú agus úsáid ábhar frithmhiocróbach a bharrfheabhsú ar fud na n-earnálacha sláinte duine, ainmhithe agus comhshaoil;

    (2) cur chun feidhme NAPanna 'Aon Sláinte Amháin' a neartú;

    (3) an dlúthpháirtíocht idir tíortha a spreagadh trí bheith ag obair le chéile chun AMR a chomhrac.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:**

25. A áirithiú go mbeidh NAPanna ilearnálacha i bhfeidhm ag na Ballstáit uile agus sásraí comhordúcháin agus faireacháin chun a gcuid gealltanas a chomhlíonadh faoin bPlean Gníomhaíochta Domhanda maidir le AMR agus i gcomhréir leis an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin';

26. Acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a leithdháileadh chun gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le AMR, maidir le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú (IPC) agus maidir le maoirseacht maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha ar an leibhéal beartais agus ar an leibhéal cliniciúil;

27. Cur chun feidhme na reachtaíochta agus na mbeartas reatha agus na ngealltanas atá ann cheana, maidir le AMR, a atreisiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar bhonn an chur chuige 'Aon Sláinte Amháin';

28. Bearta IPC a neartú, sna hearnálacha sláinte daonna agus ainmhithe araon, go háirithe i suímh cúraim sláinte, trí infheistiú a dhéanamh i gcleachtais sláinteachais agus i ngníomhaíochtaí coisc, lena n-áirítear vacsaínithe, an bhithshlándáil agus a áirithiú go mbeidh rochtain ar mhearmhodhanna diagnóiseacha caighdeánacha a bheadh le húsáid chun an cineál ionfhabhtaithe a dheimhniú sula n-úsáidfí antaibheathaigh agus, ar an gcaoi sin, chuideofaí chun úsáid neamhiomchuí antaibheathach agus an riosca gaolmhar go bhforbrófaí an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a laghdú;

---

[45] EU-JAMRAI: *Europe fostering synergies to reduce the burden of AMR: what is EU doing to support Member States?* [Sineirgí á gcothú ag an Eoraip chun ualach AMR a laghdú: Cad tá á dhéanamh ag an Aontas chun tacú leis na Ballstáit?] 1 Márta 2019

29. a bhfreagairt a neartú agus a chomhordú, agus úsáid á baint acu as cur chuige idir na hearnálacha, chun dul i ngleic le leathadh trasteorann ionfhabhtuithe frithsheasmhacha, go háirithe tríd an gCoiste Slándála Sláinte arna bhunú faoi Chinneadh (AE) 1082/2013;

30. An reachtaíocht atá ann cheana maidir le húsáid agus díolacháin ábhar frithmhiocróbach a fhorfheidhmiú, go háirithe chun díolacháin thar an gcuntar a shrianadh, agus, nuair is iomchuí, breithniú a dhéanamh ar thuilleadh rialála;

31. Tús áite a thabhairt maidir leis an lucht saothair i réimse na sláinte a oiliúint sna hearnálacha ábhartha maidir le AMR, IPC agus maoirseacht maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a leagtar amach i dtreoirlínte an Aontais chun úsáid stuama a bhaint as ábhair fhrithmhiocróbacha, agus eolas ar an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin';

32. Gníomhaíochtaí faisnéise a fhorbairt i ndáil le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú agus i ndáil le maoirseacht maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha i suímh a bhaineann le cúram sláinte an duine agus cúram sláinte ainmhithe, d'oibrithe cúraim sláinte, d'othair agus dá ngaolta, do thréidlianna, d'fheirmeoirí agus don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear leanaí;

33. Spriocanna intomhaiste náisiúnta a bhunú, inter alia, maidir le laghdú ar úsáid fhoriomlán ábhar frithmhiocróbach agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo leathadh AMR a laghdú, agus aird á tabhairt, a mhéid is iomchuí, ar na táscairí arna bhforbairt ag EFSA, EMA agus ECDC;

**IARRANN SÍ AR na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

34. leanúint de bheartais fhadtéarmacha a fhorbairt chun dul i ngleic le bagairt AMR;

35. An comhar agus an dlúthpháirtíocht a neartú maidir le AMR a chomhrac trí pháirt a ghlacadh, de réir mar is iomchuí, go déthaobhach, i dtionscadail um nascadh, agus go hiltaobhach maidir le comhroinnt an dea-chleachtais agus an tsaineolais agus tacaíocht a thabhairt dá chéile chun na NAPanna a chur chun feidhme mar aon le cláir i ndáil le IPC agus maoirseacht maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha thar na hearnálacha a bhaineann le sláinte an duine, bia, sláinte ainmhithe, an comhshaol, taighde agus thar earnálacha ábhartha eile;

36. Tacú le cur chun feidhme iomlán na dtreoirlínte atá ar fáil, agus aird á tabhairt ar chúinsí sonracha náisiúnta, agus i gcás inarb iomchuí, treoir bhreise a fhorbairt i réimsí a bhaineann le AMR, le IPC agus le maoirseacht maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha, *inter alia* maidir le úsáid fheabhsaithe diagnóisice agus vacsaíní, chomh maith le faireachas (*inter alia* ag ECDC) chun cabhrú le gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil;

37. treoirlínte coiteanna deonacha a fhorbairt i ndáil le hionfhabhtaithe a chosc agus a rialú agus i ndáil le maoirseacht maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha i suímh cúraim sláinte, lena n-áirítear do leibhéil foirne agus oideachais, bunaithe ar an dea-chleachtas;

38. An cumas a mhéadú i ngach Ballstát chun freagairt do na bagairtí ó AMR agus, dá réir sin, na difríochtaí atá ann faoi láthair ó thaobh torthaí de a laghdú, a mhéid a bhaineann le AMR agus HAInna a rialú agus a chosc;

39. Measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna le héagsúlachtaí idir Ballstáit agus laistigh díobh, maidir le cion na húsáide antaibheathach thar raon leathan i leigheas an duine agus i leigheas ainmhithe, chun go mbeifear in ann AMR a thuiscint agus a rialú níos fearr;

40. Straitéisí cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme go héifeachtach, agus iad comhordaithe, chun ráigeanna d'ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chosc agus chun na straitéisí sin a úsáid má tharlaíonn ráigeanna den sórt sin;

41. Géarú ar na hiarrachtaí chun an fheasacht a mhúscailt trí na meáin chumarsáide agus na meáin shóisialta, a bheidh dírithe ar an tsochaí i gcoitinne, faoina thábhachtaí atá AMR mar bhagairt sláinte agus faoin ngá atá le hionfhabhtuithe a chosc agus le hábhair fhrithmhiocróbacha a úsáid go stuama;

42. Raon feidhme an fhaireachais ar rátaí AMR agus HAI agus ar thomhaltas ábhar frithmhiocróbach a neartú agus a leathnú, in earnáil an duine agus earnáil na n-ainmhithe araon, treoirlínte cóireála a nuashonrú, úsáid stuama antaibheathach a bhaint amach, faireachán a dhéanamh ar theacht chun cinn AMR agus bearta éifeachtacha IPC a fhorbairt chun AMR a chosc. Ba cheart cláir faireachais Aon Sláinte Amháin a bhreithniú chun go bhféadfar sonraí faoi AMR a anailísiú ar bhonn comhtháite in earnáil shláinte an duine, earnáil na n-ainmhithe, san earnáil bia agus in earnáil an chomhshaoil;

43. Sásraí iomchuí a aithint agus tacú leo chun a rathú go mbíonn ábhair fhrithmhiocróbacha éifeachtacha atá ann cheana ar fáil ar fud an Aontais, go háirithe ábhair fhrithmhiocróbacha speictrim chúng den chéad líne, lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh na húsáide tréidliachta araon, agus aird á tabhairt, inter alia, ar shainiúlachtaí margaí beaga;

44. Borradh a chur faoin taighde, forbairt agus nuálaíocht maidir le AMR, agus tacú le comhordú agus comhar domhanda agus Aontais lena n-áirítear gníomhaíochtaí trí Thionscnamh an Chlársceidealaithe Chomhpháirtigh maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha[46] agus tríd an Mol Domhanda um T&F AMR[47];

45. Tacú le tionscnaimh amhail GARDP, a sheol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), agus an Tionscnamh um Dhrugaí le haghaidh Galair a ndéantar Faillí orthu ((DNDi)[48] i mí na Bealtaine 2016. Le GARDP, tugtar aghaidh ar riachtanais dhomhanda sláinte phoiblí trí chóireálacha antaibheathaigh nua nó feabhsaithe a fhorbairt agus a chur ar fáil. Le gach clár, cuimsítear straitéisí don rochtain inbhuanaithe agus don mhaoirseacht chun a áirithiú go mbíonn cóireálacha inacmhainne agus ar fáil dóibh siúd uile a bhfuil siad de dhíth orthu;

46. Cláir oibre taighde a chur chun feidhme agus a leathnú i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin, agus é mar aidhm ábhair fhrithmhiocróbacha nua, vacsaíní, roghanna malartacha ar ábhair fhrithmhiocróbacha, diagnóisic mhear fheabhsaithe, agus úsáid níos fearr agus feabhsaithe a bhaint as seanantaibheathaigh, agus prionsabail na hinrochtaineachta, na héifeachtúlachta agus na hinacmhainneachta a bheith mar threoir;

47. Taighde ar shamhlacha eacnamaíocha iomchuí a shainaithint agus tacú leis agus le cur chun feidhme na samhlacha sin chun go bhforbrófar ábhair fhrithmhiocróbacha nua lena n-ionchorprófar maoirseacht dhomhanda antaibheathach ar son úsáid stuama, ar son na héifeachtúlachta agus ar son na hinacmhainneachta.

48. Faisnéis agus taighde ar bheartais éifeachtacha a fheabhsú chun tacú le hathrú ar iompar an duine chun AMR a chomhrac;

49. Tacú le taighde ar shamhlacha eacnamaíocha feabhsaithe, bainistiú, rialachas, dreasachtaí agus bearta agus teicníochtaí eile a bhaineann le AMR chun a áirithiú go gcuirfear na beartais chun feidhme;

50. Seasaimh na mBallstát a chomhordú go córasach agus oibriú chun go mbeidh 'guth AE' comhchoiteann ann, mar réigiún dea-chleachtais i bhfóraim idirnáisiúnta, a dhearbhaíonn go bhfuil géarghá ann aghaidh a thabhairt ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus a chuireann brú sa chaidreamh iltaobhach agus déthaobhach i gcónaí chun go ndéanfar freagairt dhomhanda níos gasta;

---

[46] Tionscnamh an Chlársceidealaithe Chomhpháirtigh maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha

[47] An Aireacht Cónaidhme Oideachais agus Taighde - Comhar sa tSláinte Dhomhanda

[48] An Tionscnamh um Dhrugaí le haghaidh Galair a ndéantar Faillí orthu

51. Leanúint de chaighdeáin an Aontais agus de reachtaíocht agus beartais an Aontais maidir le AMR a chur chun cinn agus a chosaint sa chaibidlíocht iltaobhach agus déthaobhach agus i bhfóraim idirnáisiúnta;

52. faisnéis fheabhsaithe a sholáthar agus úsáid Cistí ESIF a éascú don infheistiú náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil i ngníomhaíocht a bhaineann le AMR, le maoirseacht maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha agus le IPC agus, ar an gcaoi sin, bearnaí sa chumas agus i gcur chun feidhme straitéisí cuimsitheacha Aon Sláinte Amháin idir na Ballstáit agus laistigh díobh a laghdú;

53. Féidearthachtaí a fhiosrú, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, rialáil, chun cosc a chur ar úsáid neamhstuama ábhar frithmhiocróbach a fhaightear trí cheannacháin thrasteorann le úsáid phearsanta, oidis thrasteorann agus díolacháin tríd an Idirlíon;

54. Faireachán a dhéanamh ar iarmhair fhrithmhiocróbacha ó úsáid agus ó tháirgeadh agus ar mhiocrorgánaigh fhrithsheasmhacha in uisce na hithreach, na talún agus an dromchla i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm agus tuilleadh beart reachtach a bhreithniú, de réir mar is iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar a láithreacht sa chomhshaol;

55. An bonn fianaise maidir le forbairt agus leathadh AMR, go háirithe sa chomhshaol, a mhéadú.

**IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

56. Leas a bhaint as Líonra AMR an Aontais um Aon Sláinte Amháin chun comhar a fheabhsú leis na Ballstáit agus eatarthu maidir le AMR, IPC agus maoirseacht maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha;

57. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i gcur chun feidhme NAPanna ilearnála agus straitéisí náisiúnta maidir le AMR agus an cistiú tiomnaithe a mhéadú;

58. Tacú leis na Ballstáit chun sonraí a bhailiú faoi dhíolacháin agus úsáid ábhar frithmhiocróbach d'ainmhithe chun a áirithiú go gcuirfear bailiú agus próiseáil sonraí chun feidhme go héifeachtach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/6 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta, agus leithdháileadh acmhainní airgeadais tiomnaithe a bhreithniú;

59. Tacú leis na Ballstáit chun na bacainní a shainaithint, ar bacainní iad maidir le forbairt agus cur chun feidhme NAPanna i ndáil le AMR, agus forbairt agus cur chun feidhme beart IPC agus beart maoirseachta maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha, ar an leibhéal beartais agus ar an leibhéal cliniciúil araon, chun cuidiú le bearta éifeachtacha a shainaithint chun bacainní den sórt sin a shárú.